# Tá an fheirm ina cíor thuathail

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • patrúin a lorg agus labhairt orthu<br>• a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid<br>• teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | patrúin, ciúbanna, blocanna, an chéad rud eile, cóipeáil, leathnú, muc, bó, madadh, caora, capall, gé, lacha, gabhar, sicín, cearc, scaif, sconsa, feirmeoir, ionad siopadóireachta |
| **Áiseanna** | ainmhithe feirme bréige, teimpléid d’ainmhithe feirme, ciúbanna, bloic thógála, cipíní líreacáin, páipéar, criáin |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Insíonn an múinteoir an scéal seo a leanas do na daltaí. 'Maidin amháin, chodail an feirmeoir go headra. Nuair a mhúscail an feirmeoir faoi dheireadh agus d'amharc sé amach an fhuinneog bhí na hainmhithe uilig ag géimneach, ag seitreach agus ag déanamh cuid mhór torainn sa ghairdín. Bhí siad ag iarraidh a gcuid bricfeasta. D'oscail an feirmeoir an fhuinneog agus d'iarr sé ar na hainmhithe uilig seasamh i líne sa chlós feirme. Nuair a bhain an feirmeoir an clós feirme amach bhí na hainmhithe ina seasamh i línte. Ord na chéad líne, bó, capall, bó, capall, bó, capall'. Pléann an múinteoir an patrún seo leis na daltaí agus iarrann sé orthu leanúint leis an phatrún. Úsáideann na daltaí na gearrthóga ainmhithe leis an phatrún a thaispeáint agus a shíneadh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarrann an múinteoir ar na daltaí líne d'ainmhithe a dhéanamh ina bhfuil patrún le dhá/trí chineál ainmhithe. Nuair a bheidh an patrún déanta acu oibreoidh siad le comhscoláire agus cuirfidh siad ceisteanna ar a chéile faoi na patrúin.

### 3 Gníomhaíocht 3

Léann an múinteoir an scéal seo a leanas do na daltaí agus iarrann sé orthu sconsa a dhéanamh le patrún. 'Ag am lóin, d'imigh an gabhar le scaif an fheirmeora. D'éirigh leis na ba an geata chuig an chéad pháirc eile a oscailt agus mheasc siad leis na caoirigh. Baineadh geit as an fheirmeoir tráthnóna agus chinn sé go raibh sconsa nua de dhíth ar na caoirigh lena gcoinneáil sábháilte. Fuair an feirmeoir dhá/trí chineál difriúla bloc/adhmad don sconsa'. Iarrtar ar na daltaí bloic/ciúbanna/cipíní líreacáin/páipéar a úsáid le sconsa nua a dhéanamh ina bhfuil patrún athfhillteach.

### 4 Gníomhaíocht 4

Léann an múinteoir an scéal seo a leanas do na daltaí agus iarrann sé orthu scaif a tharraingt le patrún. 'Chuaigh comharsana an fheirmeora chuig an ionad siopadóireachta san oíche. Chuala siad faoi gach rud a tharla don fheirmeoir agus ba bhreá leo bronntanas a thabhairt dó. Chonaic siad cuid mhór scaifeanna le patrúin i bhfuinneog an tsiopa agus cheannaigh siad ceann don fheirmeoir'. Pléann daltaí an chuma a bheadh ar scaif a bhfuil patrún air agus oibríonn siad i mbeirteanna le scaif a dhearadh, a tharraingt agus a dhathú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na hainmhithe/dathanna atá in úsáid sa phatrún seo?<br>• Cá mhéad uair atá an patrún seo athdhéanta?<br>• Cad é an chéad ainmhí eile?<br>• Cá mhéad ainmhí a d'úsáid tú le do phatrún a dhéanamh? | • Cá mhéad patrún a thig leat a dhéanamh le dhá chineál ainmhithe?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú na hainmhithe ar leith seo do do phatrún?<br>• Cad é mar a thig leat patrún difriúil a dhéanamh agus na hainmhithe/dathanna céanna in úsáid agat?<br>• Dá mbeadh níos mó ainmhithe agat, an athrófá do phatrún? Cén dóigh?<br>• Dá ndéanfá scaif nua, an athrófá do phatrún? Cén dóigh?<br>• Agus tú ag amharc ar na patrúin scaife, an gcuireann na patrúin seo rud ar bith a chonaic tú cheana féin i gcuimhne duit? Inis dúinn faoi sin. |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Méadaigh líon na n-ainmhithe/na ndathanna don tsíneadh.